



C/2024/3936

28.6.2024

CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN

an 24. Meitheamh 2024

maidir le comhoiriúnacht le dlí an Aontais na mbeart atá le glacadh ag an bhFrainc de bhun Airteagal 14(1) de Threoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2024/3936)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc)⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 25 Márta 2024, i litir uaithi, thug an Fhrainc fógra don Choimisiún faoi bhearta áirithe atá le glacadh de bhun Airteagal 14(1) de Threoir 2010/13/AE agus arb é is cuspóir dóibh liosta na mbeart atá i bhfeidhm faoi láthair sa Bhallstát sin, ar bearta iad a d'fhormheas an Coimisiún lena Chinneadh 2007/480/CE⁽²⁾, a thabhairt cothrom le dáta. Is éard atá sna bearta atá le déanamh liosta d'imeachtaí ainmnithe a bhfuil tábhacht mhór ag baint leo don tsochaí agus iad sa bhreis ar na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair.
- (2) Rinne an Coimisiún comhoiriúnacht na mbeart sin le dlí an Aontais, go háirithe a mhéid a bhaineann le comhréireacht na mbeart agus trédhearcacht an nós imeachta comhairliúcháin a fhíorú.
- (3) Agus scrúdú a dhéanamh ar na bearta, chuir an Coimisiún san áireamh na sonraí a bhí ar fáil maidir le margadh closamhairc na Fraince, agus háirithe a mhéid a bhaineann leis an tionchar ar an margadh teilifíse.
- (4) Rinneadh an Fhrainc an liosta d'imeachtaí breise a bhfuil tábhacht mhór ag baint leo don tsochaí ('an liosta') a tharraingt suas ar bhealach soiléir trédhearcach, i ndiaidh comhairliúcháin poiblí leathan.
- (5) Ar bhonn na fianaise mionsonraithe agus na bhfigiúirí don lucht féachana arna soláthar ag údaráis na Fraince, rinne an Coimisiún a fhíorú go gcomhlíonann gach imeacht breise ar an liosta dhá cheann de na critéir seo a leanas ar a laghad a mheastar a bheith ina dtáscairí iontaofa ar an tábhacht a bhaineann le himeachtaí den sórt sin don tsochaí: (i) ciallachas ginearálta speisialta laistigh den Bhallstát, seachas ciallachas go díreach dóibh siúd a leanann an t-imeacht lena mbaineann de ghnáth; (ii) tábhacht shainiúil, a aithnítear go ginearálta, a bheith ag an imeacht do phobal an Bhallstáit, go háirithe mar chúis le féiniúlacht chultúrtha; (iii) rannpháirtíocht na foirne náisiúnta san imeacht lena mbaineann i gcomhthéacs comórtas nó craobhchomórtas a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leis; agus (iv) gur craoladh an t-imeacht go traidisiúnta ar an teilifís shaorchraolta agus go mbíodh lucht féachana teilifíse mór aige.
- (6) Mar a léirigh údaráis na Fraince, tá ciallachas ginearálta speisialta ag Cluichí Parailimpeacha an tSamhraidh agus an Gheimhridh sa Fhrainc agus tá tábhacht leo ní hamháin dóibh siúd a leanann de ghnáth iad. Thairis sin, tá rannpháirtíocht na foirne náisiúnta i gceist leo, craoltar go traidisiúnta iad ar an teilifís shaorchraolta agus bíonn lucht féachana mór i gceist leo.

⁽¹⁾ IO L 95, 15.4.2010, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2010/13/oj>.

⁽²⁾ Cinneadh 2007/480/CE ón gCoimisiún an 25 Meitheamh 2007 maidir le comhréireacht le dlí an Chomhphobail na mbeart atá le déanamh ag an bhFrainc de bhun Airteagal 3a(1) de Threoir 89/552/CEE ón gComhairle maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh gníomhaíochtaí craolacháin teilifíse a shaothrú (IO L 180, 10.7.2007, lch. 33, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2007/480/oj>).

- (7) Meastar cluichí fhoireann náisiúnta sacair na mban i bhféilire FIFA, cluichí leathcheannais agus cluiche ceannais i gCorn Domhanda Sacair na mBan, cluichí leathcheannais agus cluiche ceannais Chraobhchomórtas na hEorpa i Sacair na mBan, cluiche ceannais Shraith Seaimpíní UEFA na mBan agus cluiche ceannais Chorn na Fraince i Sacair na mBan a bheith ina n-imeachtaí a bhfuil tábhacht mhór ag baint leo don tsochaí freisin. Mar a léirigh údaráis na Fraince, tá ciallachas ginearálta speisialta ag na himeachtaí sin sa Fhrainc agus tá tábhacht leo ní hamháin dóibh siúd a leanann de ghnáth iad. Tá rannpháirtíocht na foirne náisiúnta i gceist leo agus rinneadh iad a chraoladh go traidisiúnta ar an teilifís shaorchraolta sa Fhrainc agus lucht féachana mór teilifíse acu.
- (8) Tá cluiche ceannais an UEFA Europa Conference League san áireamh ar an liosta sin, sa chás ina mbeidh club as ceann de craobhchomórtais na Fraince ag imirt ann. Meastar é sin a bheith ina imeacht a bhfuil tábhacht mhór ag baint leis don tsochaí toisc go bhfuil an-tóir ag an bpobal i gcoitinne air, ní hamháin iad siúd a leanann an spórt sin de ghnáth, gur craoladh ar an teilifís shaorchraolta é ón tús agus go bhfuil lucht féachana mór i gceist leis.
- (9) Mar a léirigh údaráis na Fraince, tá ciallachas ginearálta speisialta sa Fhrainc ag cluichí fhoireann náisiúnta na Fraince i gcraobhchomórtas rugbaí Sé Náisiún na mBan, cluichí leathcheannais agus cluiche ceannais Chorn Rugbaí Domhanda na mBan agus cluiche ceannais Chraobhchomórtas Francach Rugbaí na mBan, tá rannpháirtíocht na foirne náisiúnta i gceist leo agus craoladh iad go traidisiúnta ar an teilifís shaorchraolta agus lucht féachana mór teilifíse acu.
- (10) Meastar cluichí fhoirne náisiúnta rugbaí na bhFear agus na mBan i bhféilire World Rugby a bheith ina n-imeachtaí a bhfuil tábhacht mhór don tsochaí freisin ag baint leo freisin. Chuir údaráis na Fraince in iúl go bhfuil ciallachas ginearálta speisialta acu sa Fhrainc atá níos leithne ná iad siúd a leanann an spórt de ghnáth, tá rannpháirtíocht fhoirne náisiúnta na Fraince i gceist leo, bíonn lucht féachana mór teilifíse acu agus craoladh iad go traidisiúnta ar an teilifís shaorchraolta.
- (11) Tá ciallachas ginearálta speisialta sa Fhrainc ag cluichí leathcheannais na bhFear agus na mban den 'Internationaux de France', ar a dtugtar 'Roland-Garros' freisin, sa chás go mbeidh imreoir Francach amháin nó níos mó rannpháirteach, agus cluichí ceannais aon chraobhchomórtas Grand Slam seachas Roland-Garros, sa chás go mbeidh imreoir Francach amháin nó níos mó rannpháirteach ann, agus tá siad tábhachtach ní hamháin dóibh siúd a leanann na himeachtaí sin de ghnáth. Craoladh iad go traidisiúnta ar an teilifís shaorchraolta agus lucht féachana mór i gceist leo.
- (12) Tá leaganacha combhionanna na mban de na rásaí rothaíochta Tour de France agus Paris-Roubaix san áireamh ar an liosta mar imeachtaí a bhfuil tábhacht mhór ag baint leo. Ní hé go bhfuil siad tábhachtach dóibh siúd a leanann an spórt sin de ghnáth amháin agus tá tábhacht shainiúil a aithnítear go ginearálta acu don phobal sa Fhrainc mar chúis le féiniúlacht chultúrtha. Anuas air sin, bíonn lucht féachana mór teilifíse acu agus craoladh iad go traidisiúnta ar an teilifís shaorchraolta.
- (13) Mar a léirigh údaráis na Fraince, tá ciallachas ginearálta speisialta sa Fhrainc ag cluichí leathcheannais na bhFear agus na mban de chraobhchomórtais chispheile na hEorpa agus an Domhain, i gcás ina mbeidh foireann náisiúnta na Fraince rannpháirteach iontu, agus ní hé go bhfuil siad tábhachtach dóibh siúd a leanann an spórt sin de ghnáth amháin. Seachas an critéar i dtaca le foireann náisiúnta a bheith rannpháirteach i gcraobhchomórtas idirnáisiúnta a bhfuil tábhacht mhór ag baint leis a chomhlíonadh, craoladh iad go traidisiúnta ar an teilifís shaorchraolta agus lucht féachana mór teilifíse acu.
- (14) Tá ciallachas ginearálta speisialta sa Fhrainc ag cluichí leathcheannais na bhFear agus na mban de chraobhchomórtais liathróide láimhe na hEorpa agus an Domhain, i gcás ina mbeidh foireann náisiúnta na Fraince rannpháirteach iontu, agus ní hé go bhfuil siad tábhachtach dóibh siúd a leanann an spórt sin de ghnáth amháin. Tá rannpháirtíocht na foirne náisiúnta faoi seach i gcraobhchomórtas idirnáisiúnta a bhfuil tábhacht mhór ag baint leis i gceist leo agus craoladh iad go traidisiúnta ar an teilifís shaorchraolta agus lucht féachana mór teilifíse acu.
- (15) Tá cluichí ceannais agus leathcheannais chraobhchomórtais eitpheile na hEorpa agus an Domhain araon, i gcás ina mbeidh foireann náisiúnta na Fraince rannpháirteach, san áireamh ar an liosta. Mar a léirigh údaráis na Fraince, seachas an critéar i dtaca le foireann náisiúnta a bheith rannpháirteach i gcraobhchomórtas idirnáisiúnta a bhfuil tábhacht mhór ag baint leis a chomhlíonadh, ní hé go bhfuil siad tábhachtach dóibh siúd a leanann an spórt sin de ghnáth amháin agus craoladh iad go traidisiúnta ar an teilifís shaorchraolta agus lucht féachana mór teilifíse acu.

- (16) Áirítear an Craobhchomórtas Domhanda Sciála Alpaí sa liosta sa chás go mbeidh an comórtas ar siúl sa Fhrainc. Mar a léirigh údaráis na Fraince, tá ciallachas ginearálta speisialta sa Fhrainc ag na himeachtaí agus ní hé go bhfuil siad tábhachtach dóibh siúd a leanann an spórt sin de ghnáth amháin, tá tábhacht chultúrtha ag baint leo agus aithníonn pobal na Fraince go ginearálta iad mar chúis lena bhféiniúlacht chultúrtha, craoladh iad go traidisiúnta ar an teilifís shaorchraolta agus lucht féachana mór teilifíse acu.
- (17) Na bearta ar thug an Fhrainc fógra ina leith, ní théann siad thar a bhfuil riachtanach chun an aidhm atá á saothrú a bhaint amach, is é sin an ceart chun faisnéise agus rochtain leathan an phobail ar chumhdach teilifíse ar imeachta a bhfuil tábhacht mhór ag baint leo don tsochaí a chosaint, lena gcuirtear san áireamh na módúlachtaí a ndéanfar na himeachtaí atá i gceist a chraoladh i gcomhréir leo, an sainmhíniú, i bhForógra Uimh. 2004-1392 an 22 Nollaig 2004, ar 'chraoltóir incháilithe', ról na headrána maidir le díospóidí a réiteach agus go mbeidh feidhm ag Forógra Uimh. 2004-1392 an 22 Nollaig 2004 ina bhfuil liosta imeachtaí maidir le himeachtaí a ndéanfar conarthaí lena mbronnfar cearta eisiacha ina leith a thabhairt i gcrích tar éis don Fhorógra leasaithe teacht i bhfeidhm. Mar thoradh air sin, ní théann na héifeachtaí ar an gceart chun maoine, dá bhforáiltear in Airteagal 17 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais, thar na héifeachtaí sin a bhfuil dlúthnasc acu leis na himeachtaí lena mbaineann a áireamh ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 14(1) de Threoir 2010/13/AE.
- (18) Ar na cúiseanna céanna, is cosúil go bhfuil bearta na Fraince comhréireach chun údar cuí a thabhairt do mhaolú ar an tsaoirse bhunúsach chun seirbhísí a sholáthar a leagtar síos in Airteagal 56 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Is é an leas poiblí sáraitheach a áirithiú go mbeidh rochtain leathan ag an bpobal ar chraoltaí ar imeachtaí a bhfuil tábhacht mhór ag baint leo don tsochaí. Ina theannta sin, níl aon idirdhealú ná foriamh margaidh i gceist le bearta na Fraince in aghaidh craoltóirí, sealbhóirí cirt ná oibreoirí eacnamaíocha eile na mBallstát eile.
- (19) Tá na bearta ag luí le rialacha iomaíochta an Aontais. Tá an sainmhíniú, i bhForógra 2004-1392 an 22 Nollaig 2004, ar an gcraoltóir incháilithe bunaithe ar chritéir oibiachtúla, a fhágann gur féidir iomaíocht iarbhir agus ionchasach a bheith ann chun na cearta chun na himeachtaí a chraoladh a fháil. Ina theannta sin, níl an líon imeachtaí ainmnithe díreireach sa mhéid agus go ndéanadh sé an iomaíocht a shaobhadh ar na margaí iarteachtacha saorchraolta agus ar íocaíocht. Dá bhrí sin, ní théann na héifeachtaí ar an iomaíocht thar na héifeachtaí sin a bhfuil dlúthnasc acu leis na himeachtaí lena mbaineann a áireamh ar an liosta.
- (20) Rinne an Coimisiún na bearta atá le déanamh ag an bhFrainc a chur in iúl do na Ballstáit eile agus rinne sé torthaí an fhíoraithe a rinne sé a chur i láthair don choiste arna bhunú faoi Airteagal 29 de Threoir 2010/13/AE. Ghlac an coiste tuairim fhabhrach,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal Aonair

1. Na bearta atá le déanamh ag an bhFrainc de bhun Airteagal 14(1) de Threoir 2010/13/AE, agus ar tugadh fógra ina leith don Choimisiún de bhun Airteagal 14(2) den Treoir sin, is bearta iad atá comhoiriúnach le dlí an Aontais.
2. Déanfar na bearta, arna ndéanamh ag an bhFrainc, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24. Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Thierry BRETON
Comhalta den Choimisiún